2024/1769

27.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1769 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meitheamh 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2174 a mhéid a bhaineann leis an gcoimre tháscach d'earraí agus seirbhísí comhshaoil agus de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a thabhairt cothrom le dáta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá struchtúr modúlach ag na cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil a bhunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011. Tá an modúl le haghaidh cuntais ar an earnáil um earraí agus um sheirbhísí comhshaoil leagtha amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2174 ([2]) ón gCoimisiún bunaítear coimre tháscach d'earraí agus seirbhísí comhshaoil agus de na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chumhdófar le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011. Maidir le liosta na ngníomhaíochtaí agus na dtáirgí comhshaoil, agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a leagtar amach sa choimre tháscach sin, tá forbairt tagtha air ó bhí 2015 ann agus, dá bhrí sin, is gá é a thabhairt cothrom le dáta ionas go léireofar na hearraí agus na seirbhísí comhshaoil agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá le cumhdach leis na cuntais ar earraí agus seirbhísí comhshaoil a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 691/2011.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2174 a leasú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2174.

([1]) IO L 192, 22.7.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/691/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2174 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 maidir leis an gcoimre tháscach d'earraí agus seirbhísí comhshaoil, an fhormáid chun sonraí i ndáil le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil a tharchur agus módúlachtaí, struchtúr agus tréimhsiúlacht na dtuarascálacha cáilíochta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil (IO L 307, 25.11.2015, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2174/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 a éascú, leagtar amach san Iarscríbhinn seo coimre tháscach d'earraí agus seirbhísí comhshaoil agus de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Ba cheart na hearraí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bheith ábhartha go náisiúnta. Chun an ábharthacht náisiúnta a mheas, féadfar úsáid a bhaint as na tosca seo a leanas:

(a) tá táirgeadh na n-earraí, mar aon leis na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa tír, suntasach ó thaobh staidrimh de;

(b) tá foinsí sonraí ann chun meastachán a dhéanamh ar na hearraí, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Ní coimre tháscach uileghabhálach í an choimre tháscach seo agus ní eisítear léi earraí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil eile atá ábhartha go náisiúnta a bheith ann.

Earraí agus seirbhísí comhshaoil

— Talmhaíocht orgánach, is é sin le rá, plandaí, beostoc, táirgí dobharshaothraithe orgánacha agus seirbhísí tacaíochta;

— Connadh, lena n-áirítear millíní, gás adhmaid agus táirgeadh adhmaid eile, agus bearta inbhuanaitheachta á gcomhlíonadh;

— Seirbhísí foraoiseolaíochta agus seirbhísí tacaíochta le haghaidh foraoiseachta;

— Seirbhísí láithreán mianadóireachta a athshlánú;

— Seirbhísí gabhála uisce draenála chun éilliú screamhuisce a chosc;

— Innealra don fhoraoiseolaíocht;

— Trealamh iompair leictreach agus trealamh iompair atá níos tíosaí ar acmhainní; agus sceithphíopaí agus a bpáirteanna, lena n-áirítear scagairí cáithníní;

— Bonneagar chun feithiclí leictreacha a oibriú, amhail stáisiúin luchtaithe;

— Comhpháirteanna feithiclí leictreacha;

— Ionstraimí, innealra agus gléasra chun truailleáin sholadacha, leachtacha agus ghásacha a anailísiú, a scagadh nó a ionú;

— Táirgí aoil chun an comhshaol a chosaint;

— Dabhcha séarachais, buicéid phollta agus earraí comhchosúla a úsáidtear chun uisce a scagadh ag an mbealach isteach i ndraenacha; caidéil atá le húsáid sa chóireáil fuíolluisce; feithiclí le haghaidh bailiú fuíolluisce agus glanadh séarachais; agus trealamh sonrach eile le haghaidh cóireáil fuíolluisce;

— Carbón gníomhachtaithe chun leachtanna agus gáis a ionú;

— Feadáin agus píobáin le haghaidh gléasraí cóireála fuíolluisce agus le haghaidh bainistiú uisce;

— Túir agus ionstraimí fuaraithe, innealra agus gairis le haghaidh cóireáil uisce fuaraithe;

— Saic agus málaí chun málaí plaisteacha a athsholáthar;

— Táirgí bithphlaisteacha;

— Boscaí bruscair, boscaí, saic agus málaí chun dramhaíl a stóráil agus a iompar;

— Trealamh agus innealra le haghaidh bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola: loisceoirí, trucailí agus feithiclí le haghaidh bailiú dramhaíola; agus innealra i ngléasraí cóireála dramhaíola, is é sin le rá, scarthóirí, aicmitheoirí, fáisceáin agus criathair;

— Coimeádáin le haghaidh bainistiú dramhaíola, cosaint ar radaíocht cáithníní, bainistiú uisce agus cosaint na haeráide agus an aeir chomhthimpeallaigh;

— Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin chun caillteanais uisce a laghdú;

— Trealamh agus seirbhísí suiteála sonracha chun fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, seachas córais stórála fuinnimh amhail coirí ardéifeachtúla adhmadbhreoslaithe agus fearais eile; painéil ghréine agus cealla fótavoltacha, tuirbíní hiodrálacha agus rothaí uisce, agus tuirbíní gaoithe;

— Teicneolaíochtaí stórála fuinnimh, mar aon le trealamh agus suiteáil: trealamh sonrach a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, amhail stáisiúin chumhachta stórála aeir chomhbhrúite, córais stórála teasa íogaire, córais stórála teasa folaigh, stóráil hidrigine agus cumhacht-go-gás, amhail stóráil cumhachta gaoithe i bhfoirm hidrigine nó meatáin agus trealamh eile le haghaidh stóráil fuinnimh;

— Bithbhreoslaí;

— Táirgí ceimiceacha níos glaine: bealaí, péinteanna agus vearnaisí, oiriúntóirí ithreach, glantaigh agus gallúnacha, leasacháin agus feithidicídí, gliúnna agus greamacháin eile atá saor ó thuaslagóirí; agus cosmaidí;

— Earraí le haghaidh insliú teirmeach agus insliú torainn i bhfoirgnimh den chuid is mó (amhail táirgí coirc, doirse agus fuinneoga a bhfuil an chumhacht inslithe is airde acu, ábhair inslithe le haghaidh aghaidheanna agus díonta, agus gnéithe eile d'fhoirgnimh amhail ábhair atá déanta as snáithín gloine, olann charraige, ceallalós, polaiméirí agus polúireatán agus táirgí eile amhail coincréit cheallach uathchláibh);

— Trealamh sonrach le haghaidh bainistiú fuinnimh, amhail teirmeastait le haghaidh rialú téimh agus fuaraithe, comhlaí teirmeastatacha, teaschaidéal, coirí comhdhlúthúcháin agus griantéitheoirí uisce;

— Ionstraimí agus gaireas chun radaíochtaí ianúcháin a thomhas nó a aimsiú;

— Lampaí díluchtaithe, amhail lampaí ísealbhrú, dlúthlampaí fluaraiseacha, bolgáin soilsithe LED agus na fearais tí is éifeachtaí;

— Trealamh le haghaidh aisghabháil ábhar;

— Gníomhaíochtaí cothabhála, deisiúcháin agus suiteála le haghaidh earraí comhshaoil; suiteáil teaschaidéal;

— Leictreachas, gás agus teas ó fhoinsí in-athnuaite, seachas giniúint cumhachta hidrileictrí pumpála (PSHP) agus giniúint iomlán gléasraí teasa ó dhramhaíl neamh-in-bhithmhillte: cumhacht ghaoithe, grianchumhacht, hidreachumhacht seachas PSHP, fuinneamh aigéin agus bithmhais aigéin;

— Leictreachas ó ghléasraí PSHP, lena n-áirítear trealamh agus suiteáil;

— Trealamh le haghaidh gléasraí teasa iomlána (agus suiteáil na ngléasraí sin);

— Uisce díshalannaithe agus uisce báistí a bhailítear; agus cothabháil na bpríomhphíopaí uisce chun caillteanais uisce a laghdú;

— Seirbhísí séarachais, amhail fuíolluisce a bhailiú, a iompar agus a chóireáil; agus córais séarachais a oibriú, a chothabháil agus a ghlanadh;

— Bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola, idir dhramhaíl neamhghuaiseach agus dhramhaíl ghuaiseach gan aisghabháil;

— Aisghabháil fuinnimh ó loscadh dramhaíola;

— Cóireáil dramhaíola núicléiche agus seirbhísí diúscartha;

— Seirbhísí aisghabhála ábhar agus táirgeadh amhábhar tánaisteach;

— Seirbhísí feabhsúcháin agus glantacháin le haghaidh ithreach, screamhuisce agus uisce dromchla;

— Seirbhísí feabhsúcháin agus glantacháin aeir;

— Seirbhísí eile feabhsúcháin agus seirbhísí speisialaithe rialaithe truaillithe;

— Foirgnimh nua atá tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear tithe éighníomhacha agus athchóiriú ísealfhuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana;

— Bóithre agus lánaí rothar;

— Deisiú líonraí uisce;

— Gléasraí cóireála fuíolluisce agus dramhaíola; agus córais séarachais;

— Gléasraí aisghabhála ábhar agus suiteálacha teicniúla;

— Gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite;

— Córais le haghaidh laghdú torainn, amhail bacainní fuaime agus bonneagar eile i mótarbhealaí agus in iarnróid; agus táirgí sonracha a ionchorpraítear sna córais sin, amhail scáileáin inslithe fuaime agus táirgí eile a chuireann le laghdú torainn, amhail asfalt nach bhfuil chomh torannach sin, boinn ísealtorainn, etc.;

— Feistis ghabhála a shuiteáil le haghaidh ritídh chun srutha agus sceitheadh truailleán;

— Ballaí frithchreimthe;

— Seirbhísí scaipthe agus gníomhaíochtaí faisnéise chun an comhshaol a chosaint agus chun acmhainní a bhainistiú: comhdhálacha, seimineáir, imeachtaí eile comhchosúla a eagrú, etc.;

— Bogearraí a forbraíodh go sonrach le haghaidh chosaint an chomhshaoil nó le haghaidh bainistiú acmhainní;

— Seirbhísí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh ídiú íseal fuinnimh agus foirgnimh éighníomhacha, mar aon le hathchóiriú ísealfhuinnimh ar fhoirgnimh atá ann cheana;

— Seirbhísí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite;

— Seirbhísí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh tionscadail bainistithe uisce, fuíolluisce agus dramhaíola;

— Seirbhísí innealtóireachta le haghaidh gníomhaíochtaí feabhsúcháin;

— Seirbhísí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh tionscadail aisghabhála ábhar;

— Seirbhísí cigireachta teicniúla chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú de gach cineál agus chun an truailliú sin a chosc: anailís ar gháis a astaítear ó choirí baile, iniúchadh ar astaíochtaí aeir feithiclí, faireachán ar cháilíocht an aeir, etc.;

— Seirbhísí T&F le haghaidh chosaint an chomhshaoil;

— Seirbhísí T&F le haghaidh bainistiú acmhainní;

— Seirbhísí comhairliúcháin comhshaoil;

— Bruscar poiblí agus bailiú bruscair ón tsráid;

— Seirbhísí riaracháin chun críoch cosanta comhshaoil agus bainistíochta acmhainní;

— Seirbhísí oiliúna sa chosaint comhshaoil agus bainistíocht acmhainní;

— Seirbhísí comhshaoil a dtacaíonn eagraíochtaí ballraíochta leo;

— Seirbhísí anaclainne dúlra, lena n-áirítear caomhnú fiadhúlra.

Gníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil

— Talmhaíocht orgánach, is é sin le rá, plandaí, beostoc, gníomhaíochtaí dobharshaothraithe orgánacha agus seirbhísí tacaíochta;

— Gníomhaíochtaí a bhaineann le connadh, lena n-áirítear millíní, gás adhmaid agus táirgeadh adhmaid eile, agus bearta inbhuanaitheachta á gcomhlíonadh;

— Seirbhísí foraoiseolaíochta agus seirbhísí tacaíochta le haghaidh foraoiseachta;

— Láithreáin mhianadóireachta a athshlánú;

— Uisce draenála a ghabháil chun éilliú screamhuisce a chosc;

— Monarú innealra le haghaidh foraoiseolaíochta;

— Monarú trealaimh iompair leictrigh agus trealamh iompair atá níos tíosaí ar acmhainní; agus sceithphíopaí agus a bpáirteanna, lena n-áirítear scagairí cáithníní;

— Gníomhaíochtaí a bhaineann le bonneagar chun feithiclí leictreacha a oibriú, amhail monarú stáisiún luchtaithe;

— Monarú comhpháirteanna feithiclí leictreacha;

— Monarú ionstraimí, innealra agus gléasra chun truailleáin sholadacha, leachtacha nó ghásacha a anailísiú, a scagadh nó a ionú;

— Monarú táirgí aoil chun an comhshaol a chosaint;

— Monarú dabhcha séarachais, buicéad pollta agus earraí comhchosúla a úsáidtear chun uisce a scagadh ag an mbealach isteach i ndraenacha; caidéil atá le húsáid sa chóireáil fuíolluisce; feithiclí le haghaidh bailiú fuíolluisce agus glanadh séarachais; agus trealamh sonrach eile le haghaidh cóireáil fuíolluisce;

— Monarú carbóin ghníomhachtaithe chun leachtanna agus gáis a ionú;

— Monarú feadán agus píobán le haghaidh gléasraí cóireála fuíolluisce agus le haghaidh bainistiú uisce;

— Tógáil túr agus ionstraimí fuaraithe, innealra agus gairis le haghaidh cóireáil uisce fuaraithe;

— Monarú sac agus málaí chun málaí plaisteacha a athsholáthar;

— Monarú táirgí bithphlaisteacha;

— Monarú boscaí bruscair, boscaí, sac agus málaí chun dramhaíl a stóráil agus a iompar;

— Monarú trealaimh agus innealra le haghaidh bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola: loisceoirí, trucailí agus feithiclí le haghaidh bailiú dramhaíola; agus innealra i ngléasraí cóireála dramhaíola, is é sin le rá, scarthóirí, aicmitheoirí, fáisceáin agus criathair;

— Monarú coimeádán le haghaidh bainistiú dramhaíola, cosaint ar radaíocht cáithníní, bainistiú uisce agus cosaint na haeráide agus an aeir chomhthimpeallaigh;

— Gníomhaíochtaí cothabhála agus deisiúcháin chun caillteanais uisce a laghdú;

— Monarú agus suiteáil trealaimh shonraigh chun fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, seachas córais stórála fuinnimh (amhail coirí ardéifeachtúla adhmadbhreoslaithe agus fearais eile, painéil ghréine agus cealla fótavoltacha, tuirbíní hiodrálacha agus rothaí uisce, agus tuirbíní gaoithe);

— Teicneolaíochtaí stórála fuinnimh, trealamh stórála fuinnimh agus suiteáil stórála fuinnimh a mhonarú agus a shuiteáil: trealamh sonrach a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite, amhail stáisiúin chumhachta stórála aeir chomhbhrúite, córais stórála teasa íogaire, córais stórála teasa folaigh, stóráil hidrigine agus cumhacht-go-gás, amhail stóráil cumhachta gaoithe i bhfoirm hidrigine nó meatáin agus trealamh eile le haghaidh stóráil fuinnimh;

— Monarú bithbhreoslaí;

— Monarú táirgí ceimiceacha níos glaine: bealaí, péinteanna agus vearnaisí, oiriúntóirí ithreach, glantaigh agus gallúnacha, leasacháin agus feithidicídí, gliúnna agus greamacháin eile atá saor ó thuaslagóirí; agus cosmaidí;

— Monarú earraí le haghaidh insliú teirmeach agus insliú torainn i bhfoirgnimh den chuid is mó amhail táirgí coirc, doirse agus fuinneoga a bhfuil an chumhacht inslithe is airde acu, ábhair inslithe le haghaidh aghaidheanna agus díonta, agus gnéithe eile d'fhoirgnimh amhail ábhair atá déanta as snáithín gloine, olann charraige, ceallalós, polaiméirí agus polúireatán agus táirgí eile amhail coincréit cheallach uathchláibh;

— Monarú trealaimh shonraigh le haghaidh bainistiú fuinnimh, amhail teirmeastait le haghaidh rialú téimh agus fuaraithe, comhlaí teirmeastatacha, teaschaidéal, coirí comhdhlúthúcháin agus griantéitheoirí uisce;

— Monarú ionstraimí agus gairis chun radaíochtaí ianúcháin a thomhas nó a aimsiú;

— Monarú lampaí díluchtaithe, amhail lampaí ísealbhrú, dlúthlampaí fluaraiseacha, bolgáin soilsithe LED agus na fearais tí is éifeachtaí;

— Monarú trealaimh le haghaidh aisghabháil ábhar;

— Gníomhaíochtaí cothabhála, deisiúcháin agus suiteála le haghaidh earraí comhshaoil; suiteáil teaschaidéal;

— Táirgeadh leictreachais, gáis agus teasa ó fhoinsí in-athnuaite, seachas giniúint cumhachta hidrileictrí pumpála (PSHP) agus giniúint iomlán gléasraí teasa ó dhramhaíl neamh-in-bhithmhillte: cumhacht ghaoithe, grianchumhacht, hidreachumhacht, fuinneamh aigéin agus bithmhais aigéin;

— Giniúint leictreachais trí PSHP, lena n-áirítear trealamh a shuiteáil agus a mhonarú;

— Trealamh a mhonarú agus a shuiteáil le haghaidh gléasraí teasa agus cumhachta in éineacht;

— Díshalannú uisce agus uisce báistí a bhailítear; agus cothabháil na bpríomhphíopaí uisce chun caillteanais uisce a laghdú;

— Seirbhísí séarachais, amhail fuíolluisce a bhailiú, a iompar agus a chóireáil; agus córais séarachais a oibriú, a chothabháil agus a ghlanadh;

— Bailiú, cóireáil agus diúscairt dramhaíola, idir dhramhaíl neamhghuaiseach agus dhramhaíl ghuaiseach gan aisghabháil;

— Aisghabháil fuinnimh ó loscadh dramhaíola;

— Cóireáil dramhaíola núicléiche agus seirbhísí diúscartha;

— Seirbhísí aisghabhála ábhar; agus táirgeadh amhábhar tánaisteach;

— Seirbhísí feabhsúcháin agus glantacháin le haghaidh ithreach, screamhuisce agus uisce dromchla;

— Seirbhísí feabhsúcháin agus glantacháin aeir;

— Seirbhísí eile feabhsúcháin agus seirbhísí speisialaithe rialaithe truaillithe;

— Foirgnimh nua atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil (lena n-áirítear tithe éighníomhacha) agus athchóiriú ísealfhuinnimh a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana;

— Togáil bóithre agus lánaí rothar;

— Deisiú líonraí uisce;

— Obair thógála le haghaidh fuíolluisce agus gléasraí cóireála dramhaíola; agus le haghaidh córais séarachais;

— Obair thógála le haghaidh gléasraí aisghabhála ábhar agus suiteálacha teicniúla;

— Obair thógála le haghaidh gléasraí cumhachta fuinnimh in-athnuaite;

— Tógáil córas le haghaidh laghdú torainn, amhail bacainní fuaime agus bonneagar eile i mótarbhealaí agus in iarnróid; agus monarú táirgí sonracha a ionchorpraítear sna córais sin, amhail scáileáin inslithe fuaime agus monarú táirgí eile a chuireann le laghdú torainn, amhail asfalt nach bhfuil chomh torannach sin, boinn ísealtorainn, etc.;

— Feistis ghabhála a shuiteáil le haghaidh ritíchun srutha agus sceitheadh truailleán;

— Ballaí frithchreimthe a thógáil;

— Gníomhaíochtaí scaipthe agus gníomhaíochtaí faisnéise chun an comhshaol a chosaint agus chun acmhainní a bhainistiú: comhdhálacha, seimineáir, imeachtaí eile comhchosúla a eagrú, etc.;

— Bogearraí a forbraíodh go sonrach le haghaidh chosaint an chomhshaoil nó le haghaidh bainistiú acmhainní;

— Gníomhaíochtaí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh ídiú íseal fuinnimh agus foirgnimh éighníomhacha, mar aon le hathchóiriú ísealfhuinnimh ar fhoirgnimh atá ann cheana;

— Gníomhaíochtaí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite;

— Gníomhaíochtaí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh tionscadail bainistithe uisce, fuíolluisce agus dramhaíola;

— Seirbhísí innealtóireachta le haghaidh gníomhaíochtaí feabhsúcháin;

— Gníomhaíochtaí innealtóireachta agus ailtireachta le haghaidh tionscadail aisghabhála ábhar;

— Gníomhaíochtaí seirbhísí cigireachta teicniúla chun faireachán a dhéanamh ar thruailliú de gach cineál agus chun an truailliú sin a chosc: anailís ar gháis a astaítear ó choirí baile, iniúchadh ar astaíochtaí aeir feithiclí, seirbhísí faireacháin ar cháilíocht an aeir, etc.;

— T&F le haghaidh chosaint an chomhshaoil;

— T&F le haghaidh bainistiú acmhainní;

— Seirbhísí comhairliúcháin comhshaoil;

— Bruscar poiblí agus bailiú bruscair ón tsráid;

— Seirbhísí riaracháin chun críoch cosanta comhshaoil agus bainistíochta acmhainní;

— Seirbhísí oiliúna sa chosaint comhshaoil agus bainistíocht acmhainní;

— Seirbhísí comhshaoil a dtacaíonn eagraíochtaí ballraíochta leo;

— Seirbhísí anaclainne dúlra, lena n-áirítear caomhnú fiadhúlra.